

Teideal an Phoist: Oifigeach Óige do Cheantair Ghaeltachta

Conradh: Leanúnach

Suíomhanna x 3:

1. Gaeltacht Mhaigh Eo Thuaidh (Iorras), Co. Mhaigh Eo
2. Gaeltacht Uíbh Ráthaigh agus ceantar leithinse Uíbh Ráthaigh, Co. Chiarraí
3. Corca Dhuibhne, Co. Chiarraí

Freagrach do: Bainisteoir Ceantair

Uaireanta Oibre: 35 uair in aghaidh na seachtaine, ar a laghad

Saoire Bhliantúil: 29 lá in aghaidh na bliana

Faoi: Foróige

Is eagraíocht neamhspleách, neamhbhrabúis, náisiúnta dheonach do dhaoine óga í **Foróige**, a bhíonn ag plé le forbairt agus oideachas daoine óga lasmuigh den scoil. Cuireann an eagraíocht ar chumas daoine óga a bheith rannpháirteach go feasach agus go gníomhach ina bhforbairt féin agus i bhforbairt na sochaí. Tá breis agus 600 ball foirne fostaithe ag Foróige agus bíonn na mílte oibrí deonach páirteach i gcruthú agus i seachadadh seirbhísí ar ardchaighdeán do dhaoine óga trí fheidhmiú os cionn 400 Club Foróige faoi stiúir oibríthe deonacha, an Clár Meantóireachta agus os cionn 140 Seirbhís Óige agus Tionscadal Speisialta.

Eolas faoin Ról

Is tionscadal píolótach trí bliana é an tionscnamh seo, atá faoi réir maoinithe agus meastóireachta. Tá an tionscadal maoinithe go comhpháirteach ag roinnt páirtithe leasmhara – An Roinn Oideachais & Óige, BOOMSL & BOOCh, Gaeilge Iorrais, Muintearas Teo, Coiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh, Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne, Dúchas an Daingin agus Glór na nGael.

Is tionscadal úrnua agus nuálach é seo a thabharfaidh deis do dhaoine óga sóisialú agus páirt a ghlacadh i gclár agus i ngníomhaíochtaí trí mheán na Gaeilge. Beidh an tOifigeach Óige freagrach as obair óige uilíoch a chur ar fáil do dhaoine óga i gceantar Gaeltachta Mhaigh Eo Thuaidh (Iorras), ceantar Gaeltachta Uíbh Ráthaigh agus ceantar leithinse Uíbh Ráthaigh, agus i gCorca Dhuibhne trí Ghaeilge.

Beidh plean oibre á fhorbairt i gcomhar le hOifig Pleanála Teanga na gceantar Gaeltachta agus le daoine óga trí Ghaeilge.

Beidh baint ag an obair le hoibrithe deonacha, pobail agus páirtithe leasmhara chun daoine óga a aithint agus a mhealladh. Is é an príomhfhócas ná clár oibre óige a chruthú do gach duine óg trí Ghaeilge.

Príomhfhreagrachtaí

Beidh dualgais na nOifigeach Óige á leagan síos ag Comhairle Náisiúnta na hEagraíochta agus/nó ag an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin nó ionadaí dá c(h)uid. Áirítear ar na dualgais seo:

Ag obair le daoine óga idir 8 agus 24 bliain d'aois ó cheantair Ghaeltachta atá ag iarraidh páirt a ghlacadh i gclár oibre óige trí Ghaeilge.

Comhordú agus seachadadh tionscnaimh oibre óige, pobal bhunaithe agus clár samhraidh go díreach do dhaoine óga i gceantar Gaeltachta Mhaigh Eo Thuaidh (Iorras), ceantar Gaeltachta Uíbh Ráthaigh agus ceantar leithinse Uíbh Ráthaigh, agus i gCorca Dhuibhne.

Ag obair le pobail Ghaeltachta Mhaigh Eo Thuaidh (Iorras), ceantar Gaeltachta Uíbh Ráthaigh agus Corca Dhuibhne, agus le gairmithe eile chun daoine óga a aithint don Tionscadal.

Freagracht as dearadh, eagrú/comhordú agus cur i bhfeidhm clár oideachais agus tacaíochta leis an spriocghrúpa de dhaoine óga, trí Ghaeilge.

Tacaíocht a fháil ó thuismitheoirí, ó bhaill teaghlaigh agus ó oibrithe deonacha eile agus iad a chumasú le bheith rannpháirteach go héifeachtach leis an spriocghrúpa i ngníomhaíochtaí forbartha óige.

Soláthar de thograí eile i réimse na hoibre óige lena n-áirítear dearadh, éascú agus meastóireacht ar chlár samhraidh, clár do laethanta saoire scoile agus obair dheireadh seachtaine ó am go chéile, ar fad trí Ghaeilge.

I dteannta le hoibrithe óige eile agus le hoibrithe deonacha, soláthar oibre for-rochtana (uaireanta oíche) agus roinnt oibre dheireadh seachtaine.

Freastal ar chruinnithe agus ullmhú tuairiscí scríofa de réir mar is gá don Choiste Bainistíochta/Comhairleach agus do mhaoinitheoirí.

Rannpháirtíocht i bpróiseas meastóireachta gníomhaíochta-taighde chun cumas a fhorbairt le daoine óga, cleachtóirí oibre óige agus páirtithe leasmhara chun scrúdú a dhéanamh ar na bunphrionsabail a bhaineann le hobair óige éifeachtach, trí mheán na Gaeilge.

Earcaíocht agus oiliúint oibríthe deonacha le bheith ag obair i gcomhpháirt leis an bhfoireann.

Ag tuairisciú do Bhainisteoir Foróige.

Aon dualgais ábhartha eile a mheasfaidh bord Foróige agus/nó an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin nó ionadaí dá c(h)uid, riachtanach chun beartas agus cláir Foróige a chur i bhfeidhm go héifeachtach.

Cáilíochtaí Gairmiúla agus Taithí (R = Riachtanach; I = Inmhianaithe)

- Líofacht sa Ghaeilge (R)
- Oideachas go caighdeán Dioplóma Náisiúnta nó Céime (nóta: féadfar iarrthóirí a mheas bunaithe ar thaithí oibre ábhartha, eisceachtúil in ionad cáilíochtaí céime) (R)
- Taithí, íoctha nó dheonach, ag obair le daoine óga (I)
- Rochtain ar charr agus ceadúnas tiomána lán Éireannach (R)

Sonraíocht an Duine (Gach Ceanglas Riachtanach)

- Cumas caidrimh éifeachtacha a thógáil agus a chothabháil le daoine óga
- Scileanna maithe idirphearsanta, lena n-áirítear an cumas dul i dteagmháil le réimse leathan teagmhálaithe agus caidrimh oibre éifeachtacha a chothabháil
- Tiomantas agus dúthracht i leith na Gaeilge a chothú mar theanga bheo
- Caighdeáin den scoth maidir le cruinneas agus aird ar mhionsonraí
- Cumas a bheith gníomhach, feidhmiú as do stuaim féin agus obair go héifeachtach i dtimpeallacht ghnóthach agus fanacht dearfach agus solúbtha i dtreo na hoibre foirne
- Scileanna scríbhneoireachta den scoth, lena n-áirítear tuairiscí a scríobh agus cumas faisnéis achoimrithe agus comhfhreagras a dhréachtú
- Cumas treoirlínte agus próisis eagraíochtúla a leanúint
- Scileanna ríomhaireachta maithe, lena n-áirítear Word & Excel, PowerPoint agus scileanna sna meáin shóisialta

Riachtanais do gach ball foirne Foróige (Gach Ceanglas Riachtanach)

- Tiomantas do chuspóir Foróige agus oibriú laistigh de luachanna, beartais agus nósanna imeachta na heagraíochta
- Gníomhú go comhsheasmhach ar bhealach gairmiúil i gcónaí
- Páirt a ghlacadh i maoirseacht rialta le do bhainisteoir líne
- Riachtanais oiliúna a aithint le do bhainisteoir líne agus páirt a ghlacadh i ndeiseanna oiliúna cuí don ról
- Solúbthacht maidir le huairéanta oibre chun freastal ar riachtanais na hoibre. Tá sé riachtanach go mbeidh tú ar fáil chun oibriú roinnt tráthnónta déanacha sa tseachtain agus roinnt oibre dheireadh seachtaine

Eolas Eile

Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána: Beidh gá le Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a dhéanamh ar iarrthóirí atá á meá maidir le fostaíocht le Foróige.

Moltóirí: Don iarrthóir rathúil, déanfar teagmháil le beirt mholtóirí sula dtosaíonn an té sin ag obair le Foróige.

Maoiniú: Ní mór a thuiscint, má chuirtear deireadh leis an maoiniú don phost, go bhféadfar Conradh an té a cheapfar a fhoirceannadh.

Uaireanta Oibre: Beidh solúbthacht ag teastáil maidir le huaireanta oibre sa phost seo. Táthar ag súil go n-oibreoidh an tOifigeach Óige trí thráthnóna/oíche déanacha sa tseachtain (go 10i.n.) agus go mbeidh obair dheireadh seachtaine i gceist, go rialta.

Tuarastal: Oibrí Óige: €37,436, €38,994, €40,552, €42,113, €43,671, €45,235, €46,798, €49,127, €51,457

Taisteal: Beidh taisteal intíre laistigh d'Éirinn i gceist leis an bpost seo agus cruinnithe ó am go chéile. Íocfar costais taistil agus eile de réir rátaí cuí Foróige.

Job Title: Youth Officer for Gaeltacht Areas

Contract Type: Ongoing

Locations x 3:

1. Gaeltacht Mhaigh Eo Thuaidh (Iorras)
2. Gaeltacht area of Uibh Ráthaighand the wider Iveragh peninsula
3. Corca Dhuibhne

Responsible to: Area Manager

Hours: 35 hours per week minimum

Annual Leave: 29 days per year

About Foróige

Foróige is an independent, non-profit national voluntary youth organisation engaged in out-of-school youth development and education. The organisation enables young people to involve themselves consciously and actively in their own development and the development of society. Foróige employs over 600 staff and involves thousands of volunteers in the creation and delivery of high-quality services to young people through the operation of over 400 volunteer led Foróige Clubs, the Mentoring Programme and over 140 Youth Services and Special Projects

Role Information

This initiative is a 3 year pilot project subject to funding and evaluation and is co-funded by a number of stakeholders - Department of Education & Youth, MSLETB & KETB, Gaeilge Iorrais, Muintearas Teo, Uíbh Ráthaigh Gaeltacht Committee, Corca Dhuibhne Development Cooperative, Dúchas an Daingin, Glór na nGael

This is a new and innovative project that will give opportunity for young people to socialise and engage in programmes and activities through Irish. The youth officer will deliver universal youth work to the young people of the Gaeltacht areas of Gaeltacht Mhaigh Eo Thuaidh (Iorras), Gaeltacht area of Uibh Ráthaighand the wider Iveragh peninsula and Corca Dhuibhne through Irish. A work plan will be co-developed with the Irish Language Planning offices of the Gaeltacht areas and young people through Irish .

The work will involve volunteers, communities and stakeholders to identify and engage with young people. The primary focus is to create a youth work programme for all young people through Irish.

Key Responsibilities

The duties of the Youth Officers shall be notified by the Organisation's National Council and/or its Chief Executive or nominee. These duties will include:

1. Working with young people aged 8 to 24 from Gaeltacht areas who want the opportunity to engage in youth work programmes through Irish.
2. Coordinating and delivering community based youth work initiatives and summer programmes directly to young people in the areas of Gaeltacht Mhaigh Eo Thuaidh (Iorras), Gaeltacht area of Uibh Ráthaighand the wider Iveragh peninsula and Corca Dhuibhne
3. Working with the communities of Gaeltacht Mhaigh Eo Thuaidh (Iorras), Gaeltacht area of Uibh Ráthaighand the wider Iveragh peninsula and Corca Dhuibhne and with other professionals to identify the young people for the Project.
4. Being responsible for the design, organisation/co-ordination and implementation of educational and support programmes with the target group of young people, through Irish
5. Enlisting the support of parents, family members and other volunteers and enabling them to engage effectively with the target group in youth development activities.
6. Provision of other youth work interventions including design, facilitation and evaluation of summer programmes, school holiday programmes and occasional weekend work all through Irish.
7. Together with the others i.e youth workers, volunteers, provision of late night outreach work and some weekend work
8. Attending meetings and preparing written reports as required for the Management/Advisory Committee and funders.
9. Engage with an action-research evaluation process to build capacity with young people, youth work practitioners and stakeholders to examine what constitutes effective youth work through the medium of Irish.
10. Recruitment and training of volunteers to work in partnership with the team.
11. Reporting to the Foróige Manager.

Any such other relevant duties as the board of Foróige and/or the Chief Executive Officer or the nominee of the Chief Executive shall deem necessary for the effective implementation of Foróige's policy and programmes

Professional Qualifications and Experience (E=Essential; D=Desirable)

- Fluency in the Irish language (E)
- Education to National Diploma or Degree standard (note: candidates with exceptional, relevant work experience may also be considered in lieu of degree qualifications) (E)
- Paid or voluntary, experience working with young people (D)
- Access to car and full Irish driving licence (E)

Person Specification (All Essential requirements)

- Ability to build and maintain effective relationships with young people
- Good interpersonal skills, including ability to liaise with a wide range of contacts and build and maintain effective working relationships
- Commitment and drive to sustaining the Irish language as a living language.
- Excellent standards of accuracy and attention to detail
- Ability to be proactive, use own initiative and work effectively within a pressurised environment whilst remaining positive and flexible in approach to working as part of a team
- Excellent written communications skills, including report writing and the ability to draft summary information and correspondence.
- Ability to follow organisational guidelines and processes.
- Good computer skills, including Word & Excel, PowerPoint and Social Media skills

Requirements of all Foróige staff (All Essential Requirements)

- Commitment to the purpose of Foróige and to work within the values, policies and procedures of the organisation
- To act consistently in a professional manner at all times
- To participate in regular supervision with your line manager
- Identify training needs with your line manager and participate in training opportunities appropriate to the role
- To participate in regular supervision with your line manager

Flexibility in relation to hours of work to meet the needs of the work. This post requires that you will work some late evenings/ nights per week and some weekend work

Other Information

Garda vetting: Candidates under consideration for employment in Foróige will be subject to Garda vetting.

References: The successful candidate will undergo 2 reference checks before commencing employment with Foróige.

Funding: It must be understood that if the funding for the post is discontinued the post holder's contract may be terminated.

Hours of work: The position will require flexibility in relation to working hours. It is expected that the Youth Officer will work three late evenings/ nights per week (up to 10pm with regular weekend work).

Salary: YOUTH WORKER €37,436, €38,994, €40,552, €42,113, €43,671, €45,235, €46,798, €49,127, €51,457

Travel: This post will involve domestic travel within Ireland and occasional meetings. Travel and expenses will be paid in accordance with appropriate Foróige rates.